*LEABHRÁN FAISNÉISE*

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig post:

# OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH

**Spriocdháta chun iarratais chomhlánaithe a fháil:**

**11 Meán Fómhair 2026 ag 3.00 i.n.**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN COIMISIÚN PLEANÁLA**

**Lúnasa 2026**

| | |
|---|---|
| **TEIDEAL AN PHOIST**: | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach |
| **CINEÁL AN PHOIST:** | Post buan lánaimseartha |
| **SUÍOMH:** | 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 |

## 1. Cúlra

Is é An Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha, tráthúla, gar-bhreithiúnacha a dhéanamh maidir le hachomhairc cinntí údaráis phleanála agus iarratais dhíreacha do thionscadail bhonneagair straitéiseacha. Tá An Coimisiún Pleanála freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh maidir le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún á gcur i dtoll a chéile ag údaráis áitiúla i measc raon feidhmeanna pleanála gaolmhara eile.

Feidhmíonn An Coimisiún Pleanála faoi reachtaíocht phleanála náisiúnta agus AE chasta. Athbhunaíodh sinn an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. An Bord Pleanála a bhí mar ainm orainn roimhe sin (bunaíodh é in 1977).

Éilíonn na héilimh oibríochtúla níos fairsinge agus níos mó atá ar an gCoimisiún Pleanála cur chuige eagraíochtúil úr agus níos dírithe chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha ar fud an Choimisiúin agus chun a chur ar a chumas a shainordú agus ionchais an phobail a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh sonraí faoi ról agus obair an Choimisiúin Pleanála ar fáil ag www.pleanala.ie

### Struchtúr Foirne agus Caidrimh Tuairiscithe

Tá 309 fostaí ag an gCoimisiún Pleanála faoi láthair, lena n-áirítear 13 Choimisinéir Pleanála. Tá cairt eagraíochtúil san áireamh ag deireadh an leabhráin seo **(Aguisín 1).**

Is ról meánbhainistíochta é post Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearaigh (OFS) sa Choimisiún Pleanála agus is gnách go dtuairiscíonn OFS d’Oifigeach Riaracháin Sinsearach. D’fhéadfadh idirghníomhú le Coimisinéirí Pleanála agus leis an mbainistíocht shinsearach agus comhoibriú traseagraíochtúil san obair laethúil nó mar chuid de choiste/de ghrúpa oibre a bheith i gceist leis an ról freisin.

D'fhéadfadh OFS caidrimh a chothú le páirtithe leasmhara seachtracha agus le ranna/údaráis áitiúla ábhartha freisin.

### Comhthéacs Reatha na hEagraíochta

Leanann an Coimisiún Pleanála dá sheasamh mar bhreithneoir neamhspleách ar chúrsaí pleanála agus forbartha inbhuanaithe in Éirinn a chosaint. Cuimsítear an méid seo a leanas sa chomhthéacs dúshlánach eagraíochtúil:

- timpeallacht rialála pleanála atá ag éirí níos casta agus ina leagtar béim ar chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear cosaint gnáthóg agus na bithéagsúlachta.
- ullmhúchán do chur chun feidhme reachtaíochta cuimsithí nua pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, lena n-áirítear amlínte éigeantacha.
- forálacha an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 a chur chun feidhme chun déileáil leis an réimse d'iarratais shuntasacha ar fhorbairt bonneagair mhuirí a shonraítear san Acht.
- cinntí a dhéanamh maidir le forbairtí bonneagair straitéisigh a bhaineann le fuinneamh, iompar, dramhaíl agus saoráidí eile a bhfuiltear ag súil leo sna blianta atá le teacht, lena n-áirítear próisis agus reachtaíocht nua faoi threoir red III.
- cinntí a dhéanamh maidir le forbairtí cónaithe ar mhórscála laistigh d'amlínte soiléire reachtúla.
- feabhas leanúnach ar fheidhmíocht maidir le riachtanais oibríochtúla an Choimisiúin Pleanála.
- cur chun feidhme an chláir oibre um chlaochlú digiteach, lena gceanglaítear córais dhigiteacha agus ar líne a sholáthar don phobal.

## 2. Cur Síos ar an Ról

Is post tábhachtach meánbhainistíochta é post an Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearaigh (OFS), a chuirfidh le seirbhís pleanála éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar don phobal ar an iomlán.  Beidh an té a cheapfar sa ról freagrach as foireann laistigh den eagraíocht a bhainistiú chun seirbhís agus tacaíocht a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena dtacófar le

cuspóirí agus riachtanais fhoriomlána an Choimisiúin Pleanála. Tuairiscíonn OFS d'Oifigeach Riaracháin Sinsearach nó do dhuine i bpost bainistíochta ábhartha eile.

## 3. Príomhdhualgais

**Róil agus Freagrachtaí**

- féadfar an té a cheapfar a shannadh d'Fheidhmeanna Oibríochtaí Pleanála nó Gnóthaí Corparáideacha, agus/nó chun tionscadal ar leith a theastaíonn ón gCoimisiún a stiúradh/a chur i gcrích.
- ós post bainistíochta líne é, is é an phríomhfhreagracht a bheidh ann foireann ilchineálach a bhainistiú agus a stiúradh chun spriocanna agus cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach i gcomhréir leis an straitéis eagraíochtúil, pleananna gnó bliantúla, pleananna seirbhíse do chustaiméirí, beartais agus nósanna imeachta, gealltanais i leith na Gaeilge srl.
- beidh sé/sí freagrach agus cuntasach as cáilíocht na hoibre agus as na torthaí a bhainfidh an fhoireann atá faoina bhainistíocht amach.
- beidh sé/sí freagrach as é/í féin a bhainistiú ó thaobh torthaí foriomlána de agus as acmhainneacht na mball foirne ar a fhoireann a fhorbairt agus a uasmhéadú.
- imreoidh sé/sí tionchar ar dhaoine eile agus cuirfidh sé/sí ina luí orthu tacú le próisis athraithe a chur chun feidhme agus a chur i gcrích, le coinbhleacht a bhainistiú srl.
- cuirfidh sé/sí le cur chun feidhme tionscadal tosaíochta/feidhmeanna nua laistigh den Choimisiún, nuair is iomchuí.
    - Straitéis ríomhphleanála
    - Reachtaíocht pleanála
    - Tionscnaimh eile chun tacú le hathchóiriú na hearnála poiblí agus le feabhsú leanúnach
    - Córais chumarsáide a fhorbairt agus rannpháirtíocht foirne agus éiteas na hearnála poiblí a chothú chun seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar de réir mar a théann an teicneolaíocht chun cinn.

**Ginearálta**

- déanfaidh sé/sí a chuid/a cuid oibre féin a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach, chomh maith le hacmhainní, daoine san áireamh, a phleanáil agus a eagrú chun cuspóirí a bhaint amach laistigh de na tréimhsí ama comhaontaithe.



OFFICIAL

- déanfaidh sé/sí monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne agus tabharfaidh sé/sí aiseolas leanúnach de réir mar is gá i gcomhréir leis an CBFF bliantúil.
- déanfaidh sé/sí maoirseacht/bainistíocht laethúil ar na feidhmeanna riaracháin laistigh den réimse, agus béim ar leith á leagan ar na nósanna imeachta agus na cleachtais chomhaontaithe a chur i bhfeidhm.
- rachaidh sé/sí i gcomhairle le daoine eile, spreagfaidh sé/sí rannpháirtíocht daoine aonair agus na foirne i ngnéithe iomchuí den obair agus tarmligfidh sé/sí cúraimí.
- cuirfidh sé/sí cóitseáil, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil don fhoireann laistigh dá rannóg.
- tabharfaidh sé/sí cumhacht do bhaill na foirne agus cuirfidh sé/sí lena gcuid scileanna chun spriocanna a bhaint amach.
- freagróidh sé/sí go pras agus beidh sé/sí ar fáil chun ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó lá go lá a phlé agus déileáil leo, agus beidh sé/sí in ann saincheisteanna a réiteach go héifeachtach.
- déanfaidh sé/sí athbhreithniú rialta ar a fheidhmíocht/a feidhmíocht féin agus féachfaidh sé/sí go leanúnach lena fhorbairt/lena forbairt phearsanta.
- léireoidh sé/sí díograis i leith forbairtí nua/cleachtais oibre athraitheacha agus féachfaidh sé/sí leis na hathruithe sin a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- sainaithneoidh sé/sí go réamhghníomhach réimsí inar féidir feabhas a dhéanamh agus forbróidh sé/sí moltaí/réitigh phraiticiúla chun iad a chur chun feidhme.
- cloífidh sé/sí le beartais uile an Choimisiúin agus cuirfidh sé/sí chun cinn iad, go háirithe an Chairt um Dhínit san Ionad Oibre agus gach tionscnamh Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta.
- iompróidh sé/sí é/í féin i gcomhréir leis an gCód Iompair agus le beartais agus nósanna imeachta uile an Choimisiúin chun seirbhís a sholáthar i gcomhréir le héiteas na hearnála poiblí.

### Inniúlachtaí

- Ceannaireacht Foirne
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Anailís agus Cinnteoireacht

- Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt
- Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach
- Spreagadh agus Tiomantas

## 4. Cáilíochtaí agus Taithí

### Riachtanais Riachtanacha

**Ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a bheith acu tráth nach déanaí ná 3.00 i.n. an 11 Meán Fómhair 2026:**

1. cáilíocht Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i ndisciplín ábhartha – airgeadas, acmhainní daonna, TFC, soláthar, beartas/reachtaíocht, bainistíocht tionscadal, rialachas, bainistíocht saoráidí, cumarsáid nó Gaeilge – agus taithí dhá bhliain ar a laghad ar obair ar leibhéal na meánbhainistíochta in eagraíocht earnála poiblí nó tráchtála

   **nó**

   ceithre bliana ar a laghad de thaithí ábhartha, agus b'fhearr taithí ar leibhéal maoirseachta agus/nó bainistíochta
2. scileanna láidre cumarsáide agus idirphearsanta, lena n-áirítear an cumas cumarsáid shoiléir a dhéanamh i scríbhinn agus ó bhéal agus caidrimh éifeachtacha oibre a chothú le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara
3. fianaise inléirithe ar dhaoine eile a fhorbairt, tacú leo, iad a stiúradh agus eolas a roinnt leo, mar aon le teist chruthaithe ar obair go neamhspleách agus ar fhreagracht as tionscadail a ghlacadh
4. taithí ar fhaisnéis a anailísiú, saincheisteanna a shainaithint agus moltaí nó cinntí dea-réasúnaithe a dhéanamh chun cuspóirí a chur in ord tosaíochta, spriocdhátaí a chomhlíonadh agus obair ar ardchaighdeán a sholáthar
5. a bheith thar a bheith eagraithe, aird ghéar a thabhairt ar mhionsonraí agus taithí a bheith acu ar ualach suntasach oibre a bhainistiú
6. an cumas freagairt go solúbtha d'athruithe agus scileanna nua a shealbhú go tapa
7. na hinniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 2 den leabhrán seo a léiriú.

**Eolas agus Taithí Inmhianaithe:**

- cáilíocht aitheanta ábhartha tríú leibhéal/ghairmiúil a bheith aige/aici i ndisciplín ábhartha, i.e. airgeadas, acmhainní daonna, TFC, soláthar, beartas/reachtaíocht, bainistíocht tionscadal, rialachas, bainistíocht saoráidí, cumarsáid, Gaeilge, dlí nó gnó
- scileanna láidre Gaeilge, idir scríofa agus labhartha
- idir trí agus cúig bliana de thaithí roimhe seo san earnáil phoiblí nó i gcomhlacht

reachtúil



OFFICIAL

- sárscileanna bainistíochta tionscadal agus eagrúcháin agus an cumas obair a chur i gcrích de réir spriocdhátaí dochta
- taithí chruthaithe bainistíochta nó taithí ar thionscadail a stiúradh
- taithí ar labhairt go poiblí agus ar chur i láthair a dhéanamh do pháirtithe leasmhara nó do ghrúpaí móra.

## 5. Sonraíocht an Duine

- scileanna láidre cumarsáide agus idirphearsanta, lena n-áirítear an cumas cumarsáid shoiléir a dhéanamh i scríbhinn agus ó bhéal agus caidrimh éifeachtacha oibre a chothú le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara
- an cumas oibriú i gcomhar le comhghleacaithe i bhfoirne éagsúla chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach
- an cumas a ualach oibre féin a chur in ord tosaíochta agus a eagrú agus obair ball foirne eile a chomhordú agus a eagrú
- an cumas cúraimí iomadúla a bhainistiú agus cumas cruthaithe obair a chur i gcrích de réir spriocdhátaí dochta i dtimpeallacht ar luas tapa
- an cumas freagairt go solúbtha d’athruithe agus scileanna nua a shealbhú go tapa
- an cumas faisnéis a anailísiú, breithiúnas fónta a thabhairt agus moltaí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí a dhéanamh ar shaincheisteanna deacra
- an cumas cur le próisis, beartais nó seirbhísí a fhorbairt nó a fheabhsú
- an cumas a aithint cathain is gá daoine eile a thabhairt isteach sa phróiseas cinnteoireachta
- Muiníneach agus ardleibhéal féinfheasachta aige/aici
- Ceannaireacht agus tionscnamh a léiriú
- A bheith go hiomlán ar an eolas faoin timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn an Coimisiún Pleanála, ó thaobh na mbrúnna atá ar eagraíochtaí earnála poiblí agus na ndúshlán atá ag eascairt agus a eascróidh as an gclár oibre um athrú agus claochlú chun torthaí feidhmíochta níos fearr a bhaint amach i gcomhlachtaí earnála poiblí.

## 6. Próiseas Roghnúcháin

Áireofar an méid seo a leanas sa phróiseas roghnúcháin:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratais.
- scrúdú béil roghnach sa Ghaeilge

- agallamh iomaíoch.

*Tugann an scrúdú béil roghnach Gaeilge deis don iarratasóir páirt a ghlacadh i scrúdú béil iomaíoch Gaeilge chun marcanna breise a ghnóthú, má bhaineann sé/sí an caighdeán riachtanach amach.*

De ghnáth, bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun poist reatha agus poist amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má bhíonn an oiread sin iarratasóirí ar phost nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, féadfaidh an Coimisiún Pleanála cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh.

I ndáil leis sin, bainfear úsáid as próiseas gearrliostaithe, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar bhunriachtanais agus riachtanais inmhianaithe an phoist, chun grúpa iarrthóirí ar cosúil gurb iad is oiriúnaí don phost a roghnú don chéad chéim eile den phróiseas. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann do scileanna, do thréithe pearsanta, do cháilíochtaí agus do thaithí bunriachtanais agus riachtanais inmhianaithe an phoist.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil don agallamh/do na hagallaimh, agus is orthu féin a bheidh an costas a bhaineann leis sin. Ní féidir dáta/dátaí ná am/amanna leithdháilte an agallaimh a athrú.
**I gcás iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh srl., nuair a iarrtar orthu déanamh amhlaidh, ní bheidh aon éileamh acu ar thuilleadh breithnithe agus measfar a n-iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**.

Tá próifíl róil d'Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach (OFS) sa Choimisiún Pleanála agus na hinniúlachtaí ábhartha don phost san fhógra seo. Tá sé i gceist leis an bpróifíl róil cur síos a dhéanamh ar chineál agus leibhéal ginearálta na hoibre a bhaineann le ról OFS sa Choimisiún Pleanála. Níl sé i gceist gur liosta uileghabhálach é de na freagrachtaí, na scileanna agus na cúraimí uile a bhaineann leis an bpost.

Féadfar aon iarrthóir a thugann faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina iarratas a dhícháiliú nó a fhostaíocht a fhoirceannadh. Déanfaimid ár ndícheall iarrthóirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iarratais a luaithe is féidir.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad de bharr canbhásála agus go n-eisiafar ón bpróiseas iad.**

## 7. An Próiseas Iarratais

Ní mór an Fhoirm Iarratais don phost mar **Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach** a chomhlánú ina hiomláine agus a chur isteach i gceart chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach go mícheart, mar sin tabhair aird ar leith ar an bhfaisnéis seo a leanas:

**Ní mór an fhoirm iarratais a bheith ina doiciméad Word ineagarthóireachta nó i bhformáid PDF. Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, sábháil an doiciméad faoin ainm "Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - d'ainm". Beidh ort é a cheangal le ríomhphost chun é a chur isteach nuair a bheidh sé comhlánaithe.**

**An fhoirm a chur isteach**

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, ní mór duit í a chur chuig an seoladh seo a leanas: s.byrne@pleanala.ie

Ní ghlacfar sa phróiseas comórtais ach le hiarratais atá comhlánaithe ina n-iomláine san fhormáid chuí agus curtha isteach ar líne. Má bhíonn deacracht agat an fhoirm iarratais a rochtain nó a chomhlánú, seol ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist thuas.

Seolfaimid admháil go bhfuarthas gach iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de thrí lá oibre ón dáta a chuireann tú isteach d'iarratas, seol ríomhphost chuig p.buckley@pleanala.ie

**Ná cuir Curriculum Vitae isteach le d'iarratas mar nach mbreithneofar é.**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:**

**11 Meán Fómhair 2026 ag 3.00 i.n.**

**Tabhair faoi deara, le do thoil**

Déanaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt maidir le dátaí agallaimh srl. Meastar, áfach, go mbeidh na hagallaimh ar siúl i mí Mheán Fómhair/mí Dheireadh Fómhair. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go mbeidh siad ar fáil thart ar an tréimhse sin.

**Gearrliostú**

Má bhaintear úsáid as próiseas gearrliostaithe, scrúdófar agus measúnófar an fhaisnéis a thugtar i d'iarratas de réir critéir atá bunaithe ar riachtanais an phoist**.**

Féadfar painéal a chur le chéile óna bhféadfar ceapacháin bhuana nó shealadacha a dhéanamh amach anseo.

**Moltóirí**

Smaoinigh, le do thoil, ar ainmneacha daoine a mheasann tú a bheadh oiriúnach mar mholtóirí agus a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt nó triúr). Ba cheart d'fhostóir reatha a bheith ar dhuine de na moltóirí. Bí cinnte nach mbaileoimid sonraí na moltóirí agus nach rachaimid i dteagmháil leo ach amháin má tá tú á bhreithniú tar éis chéim an agallaimh.

# Na Bunchoinníollacha Seirbhíse

## 1. GINEARÁLTA

Is post buan inphinsin é an post.

## 2. DUALGAIS

Beidh ar an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach aon dualgais a shanntar dó/di ó am go ham agus atá oiriúnach don phost a chomhlíonadh. Leagann an Coimisiún béim ar leith ar ardchaighdeáin ionracais a choinneáil, ar mheon foirne a fhorbairt agus ar chaighdeán na seirbhíse don phobal a fheabhsú.

## 3. TUARASTAL

Tá an tuarastal don phost leagtha amach thíos. Is ag íosphointe an scála tuarastail a dhéanfar iontráil ar an scála de ghnáth.

**Scála tuarastail PPC** (an 1 Meitheamh 2026)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| €60,029 | €61,785 | €63,537 | €65,286 | €67,044 |
| €68,792 | €70,547 | €73,077[1] | €76,546[2] | |

[1] Tar éis trí bliana de sheirbhís shásúil ag uasphointe an scála.

[2] Tar éis sé bliana de sheirbhís shásúil ag uasphointe an scála.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a bhronnadh gach bliain faoi réir feidhmíochta sásúla.

## 4. UAIREANTA OIBRE

Is iad na huaireanta oibre a shocróidh an Coimisiún ó am go ham a bheidh i gceist. Faoi láthair, is ionann iad agus 43 uair an chloig agus 15 nóiméad sa tseachtain – 35 uair an chloig gan sosanna lóin a áireamh. Is iad 9.15 r.n. go 5.30 i.n., ó Luan go hAoine, na gnáthuaireanta freastail. Tá socruithe oibre solúbtha ar fáil.

## 5. PROMHADH

Beidh tréimhse phromhaidh bliana i bhfeidhm agus, le linn na tréimhse sin, ní mór don tseirbhís a bheith sásúil ó thaobh sláinte, iompair agus éifeachtúlachta i gcoitinne de. Ar an taobh eile, mura mbíonn an tseirbhís sásúil le linn na tréimhse promhaidh, féadfar deireadh a chur leis an gceapachán tráth ar bith.

## 6. SAOIRE BHLIANTÚIL

29 lá oibre sa bhliain a bheidh sa tsaoire bhliantúil le linn na chéad chúig bliana seirbhíse sa ghrád agus méadóidh sí go 30 lá tar éis cúig bliana seirbhíse sa ghrád. Tá an tsaoire sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear na gnáthlaethanta saoire poiblí léi. Ní mór gach saoire a ghlacadh de réir na gceanglas a fhéadfaidh an Coimisiún a leagan síos ó am go ham.

## 7. SAOIRE BHREOITEACHTA

I gcomhréir le Beartas Bainistíochta Neamhláithreachta an Choimisiúin, féadfar, faoi rogha an Choimisiúin, pá iomlán a cheadú le linn neamhláithreacht bhreoiteachta a bhfuil deimhniú cuí ina leith, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar éagumas buan chun seirbhís a dhéanamh, ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí in aon bhliain amháin, agus féadfar pá leathráta a cheadú ar feadh trí mhí ina dhiaidh sin, faoi réir uasmhéid sé mhí de shaoire bhreoiteachta in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar cheapachánaí atá faoi réir ranníocaíochta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraítear don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochar atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an gCoimisiún Pleanála. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir an choinníll go ndéanfaidh an fostaí na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## 8. CEANNCHEATHRÚ

Tá ceanncheathrú an Choimisiúin i gCathair Bhaile Átha Cliath. Is é an ceanncheathrú a ainmneoidh an Coimisiún ó am go ham a bheidh mar

cheanncheathrú ag an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach. Nuair a bhíonn sé/sí as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú i mbun ghnó

an Choimisiúin, íocfar liúntais taistil agus chothaithe leis/léi de réir na rátaí a shocróidh an Coimisiún ó am go ham. Beidh na rátaí mar an gcéanna leis na rátaí cuí sa státseirbhís. Ní bheidh costais taistil iníoctha i leith taistil idir baile an fhostaí agus an ceanncheathrú.

## 9. FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Ní fhéadfaidh an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach gabháil d'aon fhostaíocht ná gnó seachtrach, ná baint a bheith aige/aici leo, gan comhaontú scríofa a fháil ón gCoimisiún roimh ré.

## 10. AOISLIÚNTAS

Tháinig an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí nua ina gcomhaltaí den Scéim Aonair, lena soláthrófar pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí agus bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime. Beidh aois íosta pinsin na scéime nasctha leis an aois cháilitheach don Phinsean Stáit. Beidh ar fhormhór na gcomhaltaí dul ar scor nuair a shroichfidh siad 70 bliain d'aois. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach: http://www.per.gov.ie/pensions.

(a) Beidh feidhm ag socruithe ranníocacha aoisliúntais (don phinsean pearsanta agus do phinsin céilí agus leanaí araon) maidir le ceapachánaí atá faoi réir ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Aicme A. Beidh feidhm ag na rátaí ranníocaíochta atá leagtha amach i mír (c) thíos. Déantar sochair aoisliúntais a chomhordú le sochair atá iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh i gcomhréir leis na forálacha i *Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Bhoird Pleanála, 1986 go 2006.*

(b) Beidh feidhm ag socruithe pinsin phearsanta neamh-ranníocacha maidir le ceapachánaí atá faoi réir ráta ranníocaíochta ÁSPC Aicme D agus a bhfuil socruithe éagsúla pá agus coinníollacha i bhfeidhm ina leith. Ní dhéantar sochair aoisliúntais i gcásanna den sórt sin a chomhordú le sochair faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

(c) <u>Rátaí Ranníocaíochta:</u>

(i) 1.5% den luach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith cnapshuime scoir,

(ii) 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsin phearsanta,

(iii) 1.5% den luach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsin céilí agus leanaí.

Ciallaíonn luach saothair inphinsin comhiomlán an tuarastail agus na liúntas inphinsin. Ciallaíonn glanluach saothair inphinsin comhiomlán an tuarastail agus na liúntas inphinsin lúide dhá oiread ráta bliantúil an phinsin seanaoise ranníocaigh (a íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí).

Íocfaidh ceapachánaithe atá faoi réir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A na ranníocaíochtaí i míreanna (i), (ii) agus (iii) thuas.

Íocfaidh ceapachánaithe atá faoi réir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme D an ranníocaíocht i mír (iii) thuas.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh chun críocha pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapachánaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB), i gcomhréir leis an

Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus ní ghearrtar an ranníocaíocht sin ach ar ioncam inphinsin.

**Nóta Tábhachtach**

Léirítear thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar na téarmaí agus na coinníollacha sin amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Cinnfidh an Coimisiún Pleanála, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapachánaí, an "iontrálaí nua" é/í. Ceanglófar ar cheapachánaithe a stair iomlán fostaíochta sa tseirbhís phoiblí a nochtadh.

**Dearbhú**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc) a dhearbhú.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an scéim pinsin d'Fhostaithe Bunaithe Stáit, féach an suíomh gréasáin seo a leanas:**
**http://www.cspensions.gov.ie**

## 11. TRÉIMHSE OIFIGE

Féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht trí fhógra seachtaine i scríbhinn a thabhairt. I gcás mí-iompair, féadfar deireadh a chur leis an bhfostaíocht tráth ar bith gan fógra ná íocaíocht in ionad fógra.

## 12. RÚNDACHT AGUS CAIGHDEÁIN IOMPAIR

Ní mór d'Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach forálacha ailt 573 agus 575 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 a chomhlíonadh. Baineann na forálacha sin le faisnéis rúnda a nochtadh agus le cumarsáidí áirithe a thoirmeasc i ndáil le haon ní a bheidh le breithniú nó le cinneadh ag an gCoimisiún, nó ag aon cheann dá choistí nó dá ghrúpaí comhairleacha. Comhaontóidh an ceapachánaí gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

## 13. AN tACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995

Beidh an ceapachánaí faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## 14. CÓD IOMPAIR - GNÍOMHAÍOCHT PHOLAITIÚIL

I gcomhréir le Cód Iompair an Choimisiúin, ní mór d'fhostaí dearbhú a thabhairt don Rúnaí maidir lena bhallraíocht nó lena ballraíocht in aon pháirtí polaitíochta.

## 15. CEANGLAIS FOIRNE

Ceanglaítear ar gach fostaí Cód Iompair an Choimisiúin agus gach beartas agus nós imeachta eile atá i bhfeidhm, nó a fhéadfaidh an Coimisiún a leagan síos/a leasú ó am go ham, a chomhlíonadh.

## 16. FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní fhéadfaidh an ceapachánaí gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a dhualgais oifigiúla ar aon bhealach, a chuireann isteach ar a fheidhmíocht/a feidhmíocht nó a chuireann a ionracas/a hionracas i mbaol.

## 17. INCHÁILITHEACHT CHUN CUR ISTEACH AR AN GCOMÓRTAS

Chun bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo, ní mór d'iarrthóirí a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó teidlíocht dhlíthiúil reatha bhailí a bheith acu chun obair in Éirinn.

Measfar iarrthóirí nach gcomhlíonann an ceanglas seo a bheith neamh-incháilithe.

**18. SCÉIM DREASAITHE LUATHSCOIR (ISER)**

Is coinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach gceadaítear do dhaoine a chuaigh ar scor faoin scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna ná san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh lucht scoir den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**19. CIORCLÁN NA ROINNE SLÁINTE AGUS LEANAÍ (7/2010)**

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (SLD) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (SID). Is coinníoll den scéim SLD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí, sa tseirbhís phoiblí níos leithne ná i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin SID, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d’aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna sin i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

**20. DEARBHÚ**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile sa tseirbhís phoiblí a dhearbhú, agus/nó a dhearbhú an bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

**21. RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS RGCS - AN PRÓISEAS EARCAÍOCHTA**

**Aidhm na Faisnéise Pearsanta a Phróiseáil**

Reáchtálann an Coimisiún Pleanála próiseas earcaíochta atá bunaithe ar inniúlachtaí chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Chun an próiseas sin a chur i gcrích, iarrtar ar dhaoine ar spéis leo na poist foirm iarratais a chur isteach lena measúnú ag painéal agallaimh. I gcás an iarrthóra rathúil, beidh cuid den fhaisnéis phearsanta a thugtar

mar bhonn leis an gconradh fostaíochta (m.sh. ainm agus seoladh) agus cuirfear í sa chomhad pearsanra lena mbaineann.

**Bunús dlí le faisnéis phearsanta a phróiseáil**

- Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó chun conradh den sórt sin a dhéanamh.
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994–2014).

**Faighteoirí**

Gheobhaidh na páirtithe seo do chuid faisnéise pearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| Faighteoir | Cúis |
|---|---|
| Acmhainní Daonna | Iarratais a stóráil, a admháil go bhfuarthas iad agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. |
| Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an painéal agallaimh d'iarratas chun iarratasóirí a ghearrliostú agus a mheasúnú. |
| Moltóirí | Iarrfar ar iarrthóirí rathúla sonraí moltóirí a thabhairt, ar féidir dul i dteagmháil leo chun taifid fostaíochta a dheimhniú agus chun trácht a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a ndearna sé/sí iarratas air. Rachfar i dteagmháil leo chun foirm a chomhlánú agus beidh sé riachtanach ainm/seoladh an iarratasóra a thabhairt dóibh chun an teistiméireacht a fháil. |
| Príomhoifigeach Míochaine (POM) | Féadfaimid do shonraí pearsanta a úsáid chun tú a atreorú chuig an POM má tharraingítear aird ar aon saincheisteanna i d'Fhoirm Féinmheasúnaithe Sláinte. I gcás atreoraithe, seolfar cóip den fhoirm dhearbhúcháin chuig an POM freisin. |

**Sonraí faoi aistrithe sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Ní phróiseáiltear aon sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Cinnteoireacht uathoibrithe**

Ní bhaineann sé seo leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse choinneála sonraí pearsanta**

Coinneofar iarratais iarrthóirí nár éirigh leo ar feadh 12 mhí. Cuirfear iarratas an iarrthóra rathúil sa chomhad pearsanra lena mbaineann agus coinneofar é ar feadh na tréimhse fostaíochta agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin.


**Do chearta RGCS i ndáil leis an bpróiseas seo**

| Ceart | Míniú |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain ar an bhfaisnéis a iarrtar sa phróiseas a iarraidh agus a fháil tráth ar bith. |
| Inaistritheacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil i bhformáid leictreonach/inaistrithe tráth ar bith. |
| Scriosadh | Féadfaidh tú a iarraidh go scriosfaí na sonraí atá á gcoimeád. Tá an tréimhse choinneála a bhfuiltear ag súil léi leagtha amach againn thuas. |
| Ceartú | Féadfaidh tú a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis mhícheart, bíodh sí as dáta nó mícheart ar chúis eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh feidhm fós ag na spriocdhátaí le haghaidh iarratas agus, dá bhrí sin, nach féidir aon fhaisnéis seachas sonraí teagmhála a athrú tar éis an spriocdháta le haghaidh iarratas. |
| Agóid | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo agus a iarraidh go mbainfí d'iarratas den phróiseas. |
| Gearán | Féadfaidh tú gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí inmheánach (tá na sonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó leis an údarás maoirseachta ábhartha – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Sonraí Teagmhála**

**Ainm:** Oifigeach Cosanta Sonraí **Ríomhphost:** dataprotection@pleanala.ie

## Aguisín 1 – Cairt eagraíochtúil reatha an Choimisiúin Pleanála




SAO = Oifigeach Riaracháin
EO = Oifigeach Feidhmiúcháin
AA = Cúntóir Riaracháin

Sinsearach SEO = Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
ADP = Stiúrthóir Cúnta Pleanála SPI = Cigire Pleanála Sinsearach SPEC = Speisialtóirí
PI = Cigire Pleanála




OFFICIAL

## Aguisín 2: Inniúlachtaí ar Leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearaigh – CBFF

| Ceannaireacht Foirne |
|---|
| • Oibríonn sé/sí leis an bhfoireann chun ardchaighdeán feidhmíochta a éascú, cuspóirí soiléire réalaíocha a fhorbairt agus déileáil le saincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn.<br>• Soláthraíonn sé/sí faisnéis agus comhairle shoiléir maidir leis an méid a éilítear ar an bhfoireann<br>• Féachann sé/sí le bealaí nua oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach<br>• Treoraíonn sé/sí an fhoireann trí dhea-shampla a thabhairt agus cuireann sé/sí cóitseáil agus tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair de réir mar is gá<br>• Leagann sé/sí an-bhéim ar fhorbairt foirne, glacann sé/sí freagracht as oiliúint agus forbairt inmheánach agus baineann sé/sí úsáid as a thaithí/a taithí agus a shaineolas/a saineolas féin, agus roinneann sé/sí iad, chun imeachtaí oiliúna a sholáthar.<br>• Tá sé nó sí solúbtha agus toilteanach oiriúnú, agus cuireann sé nó sí go dearfach le cur i bhfeidhm an athraithe<br>• Cuireann sé/sí meas agus dínit san ionad oibre chun cinn agus, más gá, déanann sé/sí idirghabháil ghníomhach lena chinntiú go dtuigtear agus go nglactar go hiomlán leis an gcur chuige sin sa rannóg/sa rannán/san eagraíocht. |
| **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide** |
| • Cothaíonn agus coinníonn sé/sí teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis/léi a ról féin a chomhlíonadh.<br>• Feidhmíonn sé/sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an bhainistíocht shinsearach<br>• Spreagann sé/sí plé oscailte agus cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre<br>• Léiríonn sé/sí diongbháilteacht agus faigheann sé/sí tacaíocht daoine eile tríd an bhfaisnéis ábhartha agus na buntáistí a leagan amach<br>• Déileálann sé/sí le daoine eile go taidhleoireach, go stuama, go cúirtéiseach agus le meas, fiú i gcúinsí dúshlánacha<br>• Cuireann sé/sí faisnéis i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach, ó bhéal agus i scríbhinn |
| **Anailís agus Cinnteoireacht** |
| • Bailíonn agus déanann sé/sí anailís ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha agus déanann sé/sí réimse tosca ríthábhachtacha a mheas.<br>• Cuireann sé/sí saincheisteanna níos leithne ar bith agus na himpleachtaí gaolmhara a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh<br>• Úsáideann sé/sí eolas agus taithí roimhe seo chun cinntí a threorú<br>• Déanann sé/sí cinntí fónta atá bunaithe ar réasúnaíocht mhaith agus seasann sé/sí leo<br>• Cuireann sé/sí réitigh chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna |
| **Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt** |

- Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar a ról, a chuspóirí agus a spriocanna féin agus ar róil, cuspóirí agus spriocanna na foirne, ar an gcaoi a n-oireann siad do struchtúr an Choimisiúin Pleanála, agus cuireann sé/sí an méid sin in iúl go héifeachtach do dhaoine eile.
- Tá ardleibhéal saineolais agus eolas fairsing ar an earnáil phoiblí aige/aici, agus iad ábhartha dá réimse oibre
- Díríonn sé/sí ar fhéinfhorbairt agus déanann sé/sí iarracht feidhmíocht a fheabhsú

**Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach**

- Glacann sé/sí freagracht as na cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach agus bíonn sé/sí cuntasach astu
- Bainistíonn sé/sí raon tionscadal éagsúil agus gníomhaíochtaí oibre go rathúil ag an am céanna
- Bíonn sé/sí loighciúil agus pragmatach ina chur chuige nó ina cur chuige agus baineann sé/sí amach na torthaí is fearr is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil
- Tarmligeann sé/sí obair go héifeachtach agus soláthraíonn sé/sí faisnéis agus fianaise shoiléir maidir leis an méid atá ag teastáil
- Cuireann sé/sí córais/próisis chuí i bhfeidhm chun gur féidir cáilíocht na ngníomhaíochtaí agus na n-aschur uile a sheiceáil.
- Leagann sé/sí béim láidir ar sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus spreagann sé/sí daoine eile an rud céanna a dhéanamh

**Spreagadh agus Tiomantas**

- Déanann siad iarracht feidhmiú ar leibhéal ard, ag infheistiú fuinnimh shuntasach chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léiríonn sé/sí athléimneacht i gcúinsí dúshlánacha agus nuair a bhíonn éilimh mhóra air/uirthi
- Tá sé/sí iontaofa agus is féidir brath air/uirthi
- Cinntíonn siad go bhfuil custaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- Seasann siad le caighdeáin arda macántachta, eitice agus ionracais